# Gaelscoil na gCloch Liath

Nuachtlitir Deireadh Fómhair 2009

## Nótaí

**Briseadh Meán-Téarma**

Dúnfaidh an scoil ar 12.00 ar an Aoine 23ú Deireadh Fómhair 09.
Is féidir leis na páistí gléasadh suas.
Iarraimid oraibh gan milseán a chur isteach le roinnt.

***Mid-term Break***

*School will close at 12 noon on Friday 23rd October 09. Children can dress up on Friday. Please do not send in sweets to share.*

**AIRE**

**Beidh na ranganna snámha ag tosnú ar 2.50 ó Dé Luain 2ra Samhain ar aghaidh.**

**PLEASE NOTE**

**Swimming lessons will be starting at the new time of 2.50 from Monday 2nd November on-wards.**

## Céim Mhór Eile!

Tá bliain amháin curtha taobh thiar dúinn, agus ag tús ár dara bliain is léir go bhfuil Gaelscoil na gCloch Liath ag fás. Thosaíomar le 24 ar an rolla, anois tá 52 againn. Is mór an fhás í seo agus táimid an-sásta.

*We have completed one full school year and as we start into the second year of Gaelscoil na gCloch Liath, it is clear that we are growing. We started in 2008 with 24 children and now have 52 on the roll.*

Ba mhaith linn fáilte a chur roimh na clanna nua atá ag freastal ar an scoil. Táimid an-bhuíoch gur roghnaigh sibh an Ghaelscolaíocht do bhur bpáistí. Is léir go bhfuil siad ag dul i dtaithí ar an scoil agus tá an Ghaeilge le coisteáil uathu go minic. Tá súil againn go bhfuil siad ag baint taitnimh asti.

*We would like to welcome the new families to the school. We are delighted that you chose an all-Irish education for your children. It is clear that they are getting used to being at school and they are making great efforts to use the Gaeilge. We hope that they are enjoying it.*

Tá fáilte mhór ag dul do Mhúinteoir Daithí. Tá súil againn go mbainfidh sé an-taitneamh as bheith linn agus is léir go bhfuil na páistí an-sásta leis cheana féin. Tar éis an bhriseadh méan-téarma, beimid ag cur fáilte roimh Mhúinteoir Louise a thosnóidh mar mhúinteoir tacaíocht foghlama páirt-aimseartha. Chomh maith tá comhgairdeachas ag dul do Mhúinteoir Rita a ainmníodh mar leas-phríomhoide ag tús na bliana.

*Warm welcome is also extended to Múinteoir Daithí. We hope that he enjoys working with us and it is clear that the children are enjoying being in his class. After the mid-term break, we will be welcoming Múinteoir Louise, who will be working as our part-time learning support teacher. Congratulations to Múinteoir Rita who was appointed Deputy Principal earlier in the school year.*

Tá bliain ghnóthach ós ár gcomhair le cistiúcháin, an Chéad Chomaoineach agus le hOscailt Oifigiúil na Scoile. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as ucht bhur gcúnamh uilig. Tá súil againn go mbeidh sibh páirteach sna himeachtaí a bheidh ar siúl.

*We are facing into a busy year with fund-raising, the First Communion and the School's Official opening. We would like to thank you for all your help and hope you will join in on all the events in the coming year.*

## Maith Thú, Ralph!

Léigh Ralph Ledús guí an phobail ag aifreann fáilte don Athar Pól. B'é an chéad uair dúinn mar scoil bheith feicthe ag ócáid oifigiúl sa pharóiste. Ba léitheoireacht den scoth a rinne sé. Maith thú!

*Ralph Ledús read a prayer of the faithful at the welcome mass for Fr. Paul. It was the first time for a child from the school to be seen at an official event in the parish and he read exceptionally well. Well done!*

## Ag bailiú eolais

Má tá páiste níos óige agat a bheidh ag freastal ar an scoil, an féidir leat a (h)ainm is dáta breithe a chur chuig oifig na scoile.

*If you have a younger child who will be attending the school in the future, please could you send his/her name and date of birth to the office.*

## Turas chuig an Séipéil

I Mí Méan Fómhair, chuaigh Naíonáin Mhóra, Rang a hAon agus Rang a Dó ar thuras chuig Séipéal Naomh Chillian. Bhain siad an-taitneamh as bheith ag foghlaim faoin séipéal agus faoi chodanna an tséipéil.

*In September, children from Senior Infants, First Class and Second Class visited St. Kilian's Church. They really enjoyed learning about the church and it's various features.*

Bhí an turas seo an-tairbheach ach go háirithe dóibh siúd atá ag ullmhú don Chéad Fhaoistin agus an Chéad Chomaoineach i mbliana.

*This was a very beneficial trip for all the children, especially those preparing for their First Confession and First Communion.*

Chomh maith le foghlaim faoin séipéal, thug sé deis do na páistí an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil agus ba dheis é freisin foghlaim cad atá mórthimpeall na scoile.

*Along with learning about the church, the children were given an opportunity to use their Gaeilge outside of the school grounds as they explored the local area on foot.*

## Fáilte a Athair is a Reachtaire.

Ba mhaith linn an deis seo a úsáid chun fáilte a chur roimh an tAthar Pól agus an Reachtaire Daithí. Thosaigh siad beirt ag obair sa cheantar le déanaí. Tá súil againn go dtiocfaidh siad ar chúirt chugainn go luath.

*We would like to welcome Fr. Paul Kenny and Rev. David Mungavin who have taken up their new roles over the past few months. We are hoping that they will come to visit us in the school soon.*

## Íocaíochtaí Scoile

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil dóibh siúd a d'íoc as na leabhair scoile, na ranganna snámha agus na griangrafanna. Muna bhfuil said íoctha, iarraim oraibh an t-airgead a chur isteach chomh luath agus is féidir.

*I would like to thank those who have paid for the school books, the swimming lessons and the photographs. If you have not done so, I would appreciate it if you could send in the payment as soon as possible.*

# Oíche Shamhna

Frásaí Úsáideacha
*(Useful phrases)*

Tá mé ag gléasadh suas mar ____
*(I am dressing up as a __)*
Púca *(ghost)*
Cailleach *(witch)*
Vaimpír *(vampire)*
Leon *(lion)*
Creathlach *(skeleton)*
Sióg *(Fairy)*
Banphrionsa *(Princess)*
Mac tire *(wolf)*

Dul ó theach go teach
*(going from house to house)*
Ag bailiú milseán *(ollecting sweets)*
Cnónna *(nuts)*
Torthaí *(fruit)*

Bígí cúramach
*(Be careful)*
Fan amach ó ___
*(Stay away from _)*
Tine Chnámha
*(Bonfire)*
Tine ealaíne
*(Fireworks)*

## 500 Fón Póca = Clár Bán Idirghníomhach

Tar éis an briseadh meán-téarma beimid ag lorg cúnamh chun clár bán idirghníomhach a fháil. Tá feachtas ar siúl ag Jack & Jill Foundation i dteannta le Promethean chun 500 fón póca a mhalartú le haghaidh clár bán idirghníomhach.

*After the mid-term break, we will be looking for you help to get a new interactive whiteboard. The Jack & Jill foundation are running a campaign with Promethean to swap 500 mobile phones for a whiteboard.*

Dá bharr, thar an briseadh, iarraimid oraibh bhur ndícheall a dhéanamh fóin pócaí a bhailiú ó bhur gcairde, bhur gclann agus bhur gcomhlacaithe. Ba mhór an éacht é dá n-éireodh linn 500 fón a bhailiú roimh an Nollaig agus iarraimid oraibh go léir cúnamh a thabhairt dúinn.

*Therefore, over the mid-term break, we would ask you to try to collect as many phones as you can from friends, family and colleagues. It will be a great achievement if we can collect 500 phones before Christmas and we would ask you all to help as best you can.*

Smaoinigh go bhfuil costas suas le €4500 ar gach clár bán agus tá na fóin pócaí ina suí i dtaireacán againn go léir. Déanaimid sár-iarracht na fóin seo a bhailiú don scoil!

*Each board cost up to €4500 and the phones are lust lying around in drawers. Let's all join together to collect as many phones as we possibly can for the school!*

## Léitheoireacht i Naíonáin Mhóra

Tá Múinteoir Daithí ag lorg tuismitheoirí chun chuidiú leis an léitheoireacht i Naíonáin Mhóra . Séard atá i gceist ná thart ar 15 nóiméad idir 8.30in agus 9.00in chun éisteacht leis na páistí agus iad ag léamh. Ní theastaíonn ach léibhéal bunúsach sa Ghaeilge. Bheadh Daithí fíor-bhuíoch d'aon tuismitheoir a bheadh in ann cabhrú, cuma má tá páiste agat sa rang nó nach bhfuil. Má tá suim agat, iarraim ort dul i dteagmháil le Múinteoir Daithí.

*Múinteoir Daithí is looking for parents to help out with reading in Senior Infants. This would involve about 15mins between 8.30 and 9am to listen to the children's reading. A basic level of Irish is all that is required. Daithí would be very grateful to any parent who could assist, regardless of whether you have a child in that class or not. If you would like to help, please call into Múinteoir Daithí.*

## Gaeilgeoirí na Seachtaine

Táimid an-bhródúil as Gaeilgeoirí na Seachtaine.

*We are very proud of the Gaeilgeoirí na Seachtaine to date.*

Oscar
Lorcan
Isabella
Ralph
Tomás
Kim
Fionnán
Ben
Zoe
Michelle
Aodh
Rossa
Seán
Neil
Lorcán
Kaci
Oisín
Moya (Naí. Bh)
Uinseann
Dónal
Lily Sue
Anraí
Amy

**Maith sibh a pháistí!**

# Ceiliúradh an Fhómhair



Bhí Ceiliúradh an Fhómhair againn an t-seachtain seo caite. D'fhoghlaim na páistí faoi na rudaí a thug Dia dúinn le n-ithe agus thugamar buíochas Dó as ucht an aráin, na glasraí, na torthaí, bainne agus focail Dé. Chum Rang a hAon agus a Dó paidreacha don ócáid. Maith sibh a pháistí!

*We held our Harvest Celebration last week. The children learned about all the food that God has given us to eat and we thanked Him for the gift of bread, fruits, vegetables, milk and for the Word of God. Rang a hAon and Rang a Dó wrote prayers for the celebration. Well done, children!*

# Oíche Rásaíochta

Toisc an oíche rásaíochta a bheith chomh rathúil taitneamhach an bhliain seo caite roghnaíodh í a reachtáil arís i mbliana. Beidh sí ar siúl arís **Dé hAoine 20ú Samhain** i gClub Rugbaí na gCloch Liath. Iarraimid oraibh seo a chur in iúl do chairde, do chlann is do chomhlacaithe. Beidh na sonraí urraíochta ar fáil go luath ón gCoiste.

*Following last years very successful and most enjoyable night at the races, another has been arranged for **Friday 20th November** in the Greystones Rugby Club. Tell all your friends and make it another night to remember. Details on sponsorship will be available soon from the Coiste na dTuismitheoirí.*

## Clárúcháin do Naíonáin Bheaga 2010

Beidh coicís clárúcháin ar siúl sa scoil **ó 2ra go 13ú Samhain 2009**.
Beidh an scoil ar oscailt chun í a thaispeánt do na páistí nua
**ó 11.00r.n. go 1.00i.n. Dé Satharn, 7ú Samhain.**
Is féidir an fhoirm chlárúcháin a bhailiú ón oifig i rith na coicíse sin.

*Our Enrolment fortnight will take place **from 2nd to 13th November 09.** The school will also be open for viewing **from 11.00a.m. to 1.00p.m. on Saturday, 7th November.***
*Application forms can be collected from the school office during the fortnight.*